

Vótáil Clíodhna Ní Dhufaigh Leas-Uachtarán don Ghaeilge



Fúm Féin

Is mac léinn iarchéime mé in Ollscoil Mhá Nuad ag tabhairt faoi MA sa Nua-Ghaeilge, tar éis dom céim BA (idirnáisiúnta) i Léinn na Meán agus an Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad chomh maith.

Bhí ról agam mar O.C.P, Leas-Uachtarán, Ionadaí na Tríú Bliana agus anois marlonadaí larchéime le Cuallacht Cholmcille. Bhí mé mar Oifigeach na Gaeilge agus Gnóthaí Cultúrtha in Aontas na Mac Léinn, Má Nuad 2015/16.

Chuir mé go leor brú ar an Ollscoil comharthaíocht dhátheangach a chur ar fáil timpeall an champais agus d'eagraigh mé imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge do mhic léinn na hollscoile. Le linn mo thréimhse sna rólanna seo bhronn eagraíochtaí náisiúnta ar thug Chonradh na Gaeilge, Glór na nGaeilge agus AMLÉ aitheantas náisiúnta do Chuallacht Cholmcille agus AML Má Nuad mar gheall ar na hiarrachtaí a rinneadh an Ghaeilge a chur chun cinn ar champas Mhá Nuad.

I am a Postgrad student in Maynooth University studying a Masters in Irish, having previously studied a BA (International) in Media Studies and Irish.

I have a lot of experience promoting Irish in Maynooth having been P.R.O, 3rd year Rep, PostGrad rep and Vice-President in Cuallacht Cholmcille, Má Nuad. I was also the Irish Language and Cultural Affairs Officer in Maynooth Students' Union 2015/16.

I've helped to put pressure on the University to place bilingual signage around campus and organised social events for students through Irish. Throughout my time in these roles both Cuallacht Cholmcille and MSU have won national awards for promoting Irish on campus from Conradh na Gaeilge, Glór nan Gael and USI.

I have experience working through Irish in the media, as a freelance translator, and I currently work as a tutor teaching Irish to first year students in Maynooth.

Dá dtoghfaí mé ba mhaith liom díriú ar thrí réimhse ar leith:

If elected I would like to focus on three key areas:

Oideachas

Leanúint ar aghaidh leis an obair atá idir lámha ag LU reatha don Ghaeilge in AMLÉ fáil réidh le táillí Gaeltachta d'ábhair oide.

Féachaint ar churaclam na n-ábhar oide sna hollscoileanna maidir leis an nGaeilge agus conas is féidir feabhas a chur ar Ghaeilge labhartha na múinteoirí bunscoile.

Cothromaíocht a bhaint amach idir caighdeán na Gaeilge sna hinstitiúidí tríú leibhéil.

I would like to continue the work of the current Leas Uachtarán don Ghaeilge in USI to abolish Gaeltacht fees for student primary teachers.

I would also like to look at the Irish curriculum for student primary teachers as well as looking at ways to improve the spoken Irish of primary teachers and to give children a better foundation in the language.

Achieve consistency among primary teaching courses in different third level institutions with regards how Irish is taught.



Polasaí

Cuidiú leis na balleagraíochtaí ó thuadh agus iad ag éileamh ar Acht na Gaeilge. Brú a chur ar na polaiteoirí ó thuadh Acht na Gaeilge a chur ar fáil do ghaeilgeoirí an Tuaiscirt.

Cuidiú a thabhairt do bhalleagraíochtaí nach bhfuil Oifigeach na Gaeilge polasaí an Aontais a chur i bhfeidhm.

Úsáid a bhaint as an gCoiste Cultúrtha le feachtais himeachtaí a eagrú agus a reáchtáil.


Brú a chur ar an Rialtas infheistíocht a dhéanamh sna ceantair Ghaeltachta agus dul i ngleic leis an gcúlú sna háiteanna sin.

Help MO's in Northern Ireland who are demanding an Irish Language Act. Try to put pressure on politicians to provide an Acht na Gaeilge for Irish speakers in the North.

Aid MO's who do not currently have an Irish language officer in putting an officer in place or helping them implement Union policy.

Utilise an Coiste Cultúrtha to run campaigns and events promoting Irish.

Put pressure on the Government to invest in the Gaeltacht areas, which are rapidly declining both linguistically and economically, and which are not receiving adequate health or business services.





Seirbhísí

Eolas a chur ar fáil faoi na seirbhísí stáit atá ar fáil trí Ghaeilge agus daoine a spreagadh le húsáid a bhaint astu trí lámhleabhar leis an stór focal a bhaineann le Ranna Stáit a chur le chéile agus a fhoilsiú.

Taighde a dhéanamh ar na seirbhísí eile atá ar fáil trí Ghaeilge timpeall na tíre m.sh. teagascóirí tiomána le Gaeilge, comhairleoirí le Gaeilge agus an t-eolas seo a chur ar fáil sa lámhleabhar seo chomh maith.

Provide information on State services that are available through Irish and encourage people to make use of them by compiling and publish a handbook of terminology relating to various State services.

Conduct research on services available through Irish in the private sector e.g. driving instructors, counsellors, and provide this information in the handbook as well.

Labhair Liom!

Má bhíonn ceist ar bith agat fúm féin nó faoin bhfeachtas is féidir teacht i dteaghmáil liom trí ríomhphost ag cliodhna.duffy.2015@mumail.ie nó trí mo leathanach Facebook 'Vótáil Clíodhna Leas-Uachtarán don Ghaeilge AMLÉ'.

If you have any questions about myself or my campaign, please contact me through email at cliodhna.duffy.2015@mumail.ie or through my Facebook page 'Vótáil Clíodhna Leas-Uachtarán don Ghaeilge AMLÉ' I would really appreciate if you would vote for me as your next Leas-Uachtarán don Ghaeilge in Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

